# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2021/1693 ÓN gCOMHAIRLE

**an 21 Meán Fómhair 2021**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/2010 i dtaca le leathadh agus gáinneáil aindleathach mionairm, armáin éadroma (SALW) agus armlóin agus a dtionchar i Meiriceá Laidineach agus sa Mhuir Chairib a chosc i gcreat na Straitéise AE i gcoinne Airm Thine, Mionairm agus Armáin Éadroma Aindleathacha agus a nArmlón, dar teideal "Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint"**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Nollaig 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/2010 ([1]).

(2) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2018/2010 do thréimhse cur chun feidhme 36 mhí le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh sin ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe maoinithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Chinneadh sin.

(3) D'iarr Eagraíocht na Stát Meiriceánach (OAS) go ndéanfaí tréimhse chur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2018/2010 a shíneadh 5 mhí, go dtí an 31 Bealtaine 2022, chun an mhoill ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail faoi Chinneadh (CBES) 2018/2010 i ngeall ar thionchar phaindéim COVID-19 a cur san áireamh.

(4) Is féidir leanúint leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2018/2010 go dtí an 31 Bealtaine 2022 gan aon iarmhairtí a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2018/2010 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5, mír 2, de Chinneadh (CBES) 2018/2010:

"2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 31 Bealtaine 2022.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) Cinneadh (CBES) 2018/2010 ón gComhairle an 17 Nollaig 2018 chun tacú le leathadh aindleathach agus gáinneáil mionarm, armán éadrom agus armlón agus a dtionchar i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib a chomhrac faoi chuimsiú Straitéis an Aontais Eorpaigh in aghaidh Airm Thine, Mionairm agus Airm Éadroma Aindleathacha agus a nArmlón dar teideal "Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint" (IO L 322, 18.12.2018, lch. 27).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

G. DOVŽAN